## Coinníollacha Ginearálta - Iontráil ar Scléip

- Tá an comórtas oscailte do dhaltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus aonaid lán-Ghaeilge amháin agus caithfidh gach iomaitheoir a bheith ag freastal go lánaimseartha ar cheann de na scoileanna sin.
- Ní cheadaítear do aon scoil níos mó ná beirt iomaitheoirí/dhá ghrúpa a chur chun cinn thar ceann na scoile i ngach comórtas (i.e 1 Sóisear & 1 Sinsear, nó 2 Sóisear, nó 2 Sinsear). Ní ligfear don tríú hiomaitheoir/grúpa ó aon scoil ar leith dul ar stáitse in aon chomórtas amháin. Sa chás go bhfuil daltaí sóisearacha agus sinsearacha in aon ghrúpa le chéile, is féidir iad a rangú de réir thromlach an ghrúpa. Áirítear daltaí idirbhliana mar dhaltaí sinsearacha.
- Is gá múinteoir ón scoil a bheith luaite mar theagmhálaí ar an bhfoirm iontrála. Is féidir le caomhnóir freastal ar an gcomórtas leis an iomaitheoir sa chás nach bhfuil an múinteoir ainmnithe ar fáil.
- Is tríd an ríomhphost is mó a choinneofar i dteagmháil leis na múinteoirí a bheas ag déileáil linn maidir le *Scléip*. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach seoladh ríomhphoist an mhúinteora féin a bheith soiléir ar an bhfoirm iontrála.
- Ní mór na grúpaí go léir a ainmniú go soiléir le go mbeidh an láithreoir in ann iad a chur in aithne don lucht féachana: i. Ní ghlacfar le 'Grúpa A', 'Grúpa Sinsearach', srl.
- Glacfar le téama ar bith ach caithfidh liricí amhrán, míreanna sceitse, srl. a bheith in oiriúint do chomórtas scoile (ní cheadaítear píosaí ciníocha, díobhálacha, nimhneacha, srl).

## Cur chun cinn na Gaeilge

- Tá an comórtas seo á reáchtáil trí mheán na Gaeilge agus is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga fheidhmeach an chomórtais. Ní ghlacfar ach le míreanna trí Ghaeilge agus iarrtar ar mhúinteoirí agus ar chaomhnóirí a chinntiú go bhfuil Gaeilge á labhairt ag na rannpháirtithe le linn imeachtaí *Scléip*.
- Moltar go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí agus ar scripteanna.

## Dáta Deiridh d'iarratais 24 Deireadh Fómhair, 2014

## Ar an lá

- Is gá cloí le ord reatha an lae.
- Caithfidh gach mír a bheith laistigh den am atá ceadaithe.
- Iarrtar ar gach scoil bheith i láthair don chomórtas iomlán, oiread agus is féidir, agus a bheith mar lucht féachana nuair nach bhfuil siad ar stáitse.
- Ní féidir glacadh le hiomaitheoirí a thagann i ndiaidh dheireadh a gcomórtas.
- Ní cheadófar rannpháirtíocht tuismitheoirí nó múinteoirí ar an stáitse féin.
- Tá cead éide scoile nó gnáthéadaí a chaitheamh. Faoin scoil atá sé an cinneadh sin a dhéanamh.
- Is faoi na hiomaitheoirí atá sé aon fheisteas, uirlis cheoil, aimplitheoirí nó taca atá de dhíth orthu a eagrú.
- Má tá fuaimrian taca in úsáid ag na hiomaitheoirí, iarraimid orthu dlúthdhiosca lipéadaithe a thabhairt dúinn nuair a chláraíonn siad ar maidin, le hainm dalta (nó grúpa), le hainm scoile agus le huimhir agus ainm an amhráin sonraithe air don teicneoir fuaime. Ní féidir iPod, fón póca, ríomhaire nó eile a úsáid; is gá go mbeadh sé ar dlúthdhiosca leis an gcaighdeán fuaime a chinntiú.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Cuirfear cathaoireacha agus bord ar fáil ar stáitse más gá.

## Moltóireacht

- Tógfaidh na moltóirí san áireamh an luach siamsaíochta a bhaineann le gach mír agus iad i mbun oibre. Mar threoir dóibh féin agus do na hiomaitheoirí, áfach, beidh an córas marcála thíos in úsáid acu. Ní chuirfear marcanna na moltóirí ar fáil d'éinne.
- Is féidir go mbainfear marcanna d'aon mhír a théann thar an uasmhéid ama atá luaite le gach comórtas.
- Luíonn an cinneadh deiridh maidir le buaiteoir(í) an chomórtais leis na moltóirí. Ní cheadófar aon chomhfhreagras leis na moltóirí maidir lena gcinneadh.
- Bronnfar áit sa chraobh ar bhuaiteoirí na réamhbhabhtaí. Bronnfar plaiceanna comórtha ar bhuaiteoirí na craoibhe.
- Cuirfidh Gael Linn fáilte roimh aiseolas i leith an chomórtais i ndiaidh na craoibhe.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceol Comhaimseartha** | Teacht i láthair 15 | Tiúnáil 15 | Rithim 15 | Scileanna Ceoil 15 | Luach Siamsaíochta 20 | Cumadóireacht 20 | **IOMLÁN 100** |
| **Rince Cruthaitheach** | Teacht i láthair 20 | Scileanna Rince 20 | Cóiréagrafaíocht 20 | Oiriúint an Cheoil 20 | Luach Siamsaíochta 20 | | **IOMLÁN 100** |
| **Sceitse** | Teacht i láthair/luas 20 | Script 20 | Aisteoireacht 20 | Léiriú 20 | Luach Siamsaíochta 20 | | **IOMLÁN 100** |
| **Comórtas Ilchineálach** | Teacht i láthair/luas 25 | Éagsúlacht Míre 25 | Léiriú 25 | Luach Siamsaíochta 25 | | | **IOMLÁN 100** |



# Scléip 2015

Gael Linn

## Is libhse an stáitse...

Ón mbliain seo ar aghaidh is iad Gael Linn a bheidh i mbun *Scléip*. Gabhaimid buíochas le Gaelscoileanna Teo. a chuir tús le *Scléip* agus a bhí ina bun ón mbliain 2005 i leith. Is mór an faoiseamh dúinne i nGael Linn freisin, go mbeidh Clare Spáinneach ó Gaelscoileanna Teo. ag cuidiú linn ag na féilte réigiúnacha agus ag Craobh *Scléip* 2015.

Is éard atá i *Scléip* ná comórtas tallainne spreagúil agus spraíúil atá dírithe go sonrach ar na hiar bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá an comórtas ag dul ó neart go neart ó 2005 i leith agus cuireann sé béim ar na healaíona comhaimseartha agus ar chruthaitheacht agus ar chumadóireacht na rannpháirtithe. Tugann sé deis do dhaltaí iar-bhunscoile ceol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus sceitsí nuachumtha a chur ar stáitse os comhair lucht féachana agus moltóirí proifisiúnta, in amharclanna ó cheann ceann na tíre.

Tá 6 comórtas éagsúla i *Scléip* ina bhfuil rannóg shóisearach agus rannóg shinsearach i ngach ceann acu. Ag na réamhbhabhtaí roghnófar an tallann is fearr i ngach comórtas le dul ar aghaidh chuig an gcraobh. Ag an gcraobh bronnfar duais ar an mbuaiteoir i ngach rannóg agus Gradam *Scléip* ar an duine nó ar an ngrúpa is mó a sheasann amach as iomlán na n-iomaitheoirí. Níl dátaí na réamhbhabhtaí socraithe go fóill, ach beidh siad ar siúl ar laethanta scoile ag **deireadh mhí na Samhna nó ag tús mhí na Nollag 2014.** Táimid ag súil le réamhbhabhta a bheith againn i ngach cúige ionas nach mbeidh an iomarca taistil ar aon scoil. Chomh luath is atá na hiontrálacha uilig istigh socrófar na hionaid agus na dátaí. Beidh an chraobh ar siúl ar an **Satharn, 24 Eanáir, 2015** i mBaile Átha Cliath.

An dáta deiridh d'iarratais i mbliana ná **24 Deireadh Fómhair 2014.**



**Gael Linn**
35 Sráid an Dáma,
Baile Átha Cliath 2.
01 675 1200
eolas@gael-linn.ie
www.gael-linn.ie

# Scléip 2015





Foras na Gaeilge

## Is libhse an stáitse...

## Ceol Comhaimseartha (aonair)

- Glacfar le guth agus/nó le ceoltóireacht le huirlisí.
- Glacfar le liricí nuachumtha nó le liricí a aistríodh go Gaeilge. Moltar go láidir go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí.
- Beidh marcanna breise ag dul do shaothair nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí é a chur in iúl ón stáitse más saothar nuachumtha atá i gceist.
- Glacfar le stíl ceoil ar bith nach ceol traidisiúnta ná clasaiceach í: rac-cheol, popcheol, rap, srl. (Ní ghlacfar le ceol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo ach bheadh eilimintí díobh inghlactha).
- Glacfar le fuaimrian taca sa chúlra (ar dlúthdhiosca) ach ní le ceoltóir ar bith eile ar an stáitse.
- Glacfar le meascraí.
- Glacfar le hiomaitheoirí aonaracha amháin sa chomórtas seo.
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá mhír shóisearacha, dhá mhír shinsearacha nó mír amháin sóisearach agus mír amháin sinsearach.
- Uasmhéid ama – ceithre nóiméad.

## Ceol Comhaimseartha (grúpaí)

- Glacfar le guth agus/nó le ceoltóireacht le huirlisí.
- Glacfar le liricí nuachumtha nó le liricí a aistríodh go Gaeilge. Moltar go láidir go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí.
- Beidh marcanna breise ag dul do shaothair nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí é a chur in iúl ón stáitse más saothar nuachumtha atá i gceist.
- Glacfar le stíl ceoil ar bith nach ceol traidisiúnta ná clasaiceach í: rac-cheol, popcheol, rap, srl. (Ní ghlacfar le ceol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo, ach bheadh eilimintí díobh inghlactha).
- Glacfar le fuaimrian taca sa chúlra (ar dlúthdhiosca).
- Glacfar le meascraí.
- Glacfar le grúpaí (beirt go deichniúr) sa chomórtas seo.
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá ghrúpa shóisearacha, dhá ghrúpa shinsearacha nó grúpa amháin sóisearach agus grúpa amháin sinsearach. I gcás go bhfuil daltaí sóisearacha agus daltaí sinsearacha in aon ghrúpa le chéile, rangaigh iad de réir thromlach an ghrúpa.
- Uasmhéid ama – ceithre nóiméad.

## Rince Cruthaitheach (aonair)

- Glacfar le rince cruthaitheach de chineál ar bith sa chomórtas seo.
- (Ní ghlacfar le rince ar an sean-nós, rince gaelach nó bailé ann féin ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach).
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra (ar dlúthdhiosca).
- Níl cead an stáitse a ghléasadh le seit ach tá cead frapaí láimhe a úsáid.
- Ní ghlacfar ach le hiomaitheoirí aonaracha sa chomórtas seo.
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá mhír shóisearacha, dhá mhír shinsearacha nó mír amháin sóisearach agus mír amháin sinsearach.
- Uasmhéid ama – cúig nóiméad.

## Rince Cruthaitheach (grúpaí)

- Glacfar le rince cruthaitheach de chineál ar bith sa chomórtas seo.
- (Ní ghlacfar le rince ar an sean-nós, rince gaelach nó bailé ann féin ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach).
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra (ar dlúthdhiosca).
- Níl cead an stáitse a ghléasadh le seit ach tá cead frapaí láimhe a úsáid.
- Glacfar le grúpaí (beirt go deichniúr) sa chomórtas seo.
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá ghrúpa shóisearacha, dhá ghrúpa shinsearacha nó grúpa amháin sóisearach agus grúpa amháin sinsearach. I gcás go bhfuil daltaí sóisearacha agus daltaí sinsearacha in aon ghrúpa le chéile, rangaigh iad de réir thromlach an ghrúpa.
- Uasmhéid ama – cúig nóiméad.

## Sceitse

- Saothair nuachumtha amháin atá ceadaithe. Moltar go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar scripteanna a bheadh scríofa ag daltaí.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra (ar dlúthdhiosca).
- Glacfar le grúpaí aisteoirí (idir beirt agus ochtar).
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá ghrúpa shóisearacha, dhá ghrúpa shinsearacha nó grúpa amháin sóisearach agus grúpa amháin sinsearach. I gcás go bhfuil daltaí sóisearacha agus daltaí sinsearacha in aon ghrúpa le chéile, rangaigh iad de réir thromlach an ghrúpa.
- Uasmhéid ama – deich nóiméad.

## Comórtas Ilchineálach (aonair agus grúpaí)

- Clúdaíonn an comórtas seo gnéithe nach gcuimsítear sna comórtais eile, m.sh. seó draíochta, seó grinn, cleasaíocht, puipéadóireacht, mím agus eile. Beidh marcanna breise ag dul do shaothair nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí é a chur in iúl, ón stáitse, más saothar nuachumtha atá i gceist. Moltar go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí agus scripteanna, más ann dóibh.
- Ní ghlacfar le taispeántais de cheol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo, ach bheadh eilimintí díobh inghlactha mar chuid de léiriú cruthaitheach.
- Ní ghlacfar le taispeántais de rince ar an sean-nós, rince gaelach nó bailé ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach.
- Ní ghlacfar le haithriseoireacht filíochta, amhránaíocht, scéalaíocht ná a leithéidí ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Glacfar le grúpaí (deichniúr ar a mhéid) nó le hiomaitheoirí aonaracha.
- Ceadófar do gach scoil uasmhéid de dhá mhír a iontráil sa chomórtas; dhá mhír shóisearacha, dhá mhír shinsearacha nó mír amháin sóisearach agus mír amháin sinsearach. I gcás go bhfuil daltaí sóisearacha agus daltaí sinsearacha in aon ghrúpa le chéile, rangaigh iad de réir thromlach an ghrúpa.



| Comórtas | | Ainm an Iomaitheora(í) nó an Ghrúpa/Grúpaí | Uirlis(í) agus/nó fuaimrian taca (tabhair sonraí le do thoil) m.sh. giotár, giotár leictreach, CD, ipod nó eile | Táille |
|---|---|---|---|---|
| Ceol Comhaimseartha (Aonair) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| Ceol Comhaimseartha (Grúpaí) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| Rince Cruthaitheach (Aonair) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| Rince Cruthaitheach (Grúpaí) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| Sceitse (Grúpaí) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | | | Déan cur síos ar an mír m.sh. draíocht, greann, lámhchleasaíocht, puipéid srl. | |
| Comórtas Ilghnéitheach (Aonair & Grúpaí) | Sóisear (Bl. 1–3) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |
| | Sinsear (Bl. 4–6) | 1. | | €10 |
| | | 2. | | €10 |

Ainm na Scoile: ______________________

Seoladh na Scoile: ______________________

______________________

______________________

Ainm an Mhúinteora i bhfeighil ar *Scléip*: ______________________

Seoladh r-phoist an mhúinteora thuas: ______________________

Uimhir fóin an mhúinteora thuas: ______________________

Uimhir fóin na scoile: ______________________

Dearbhaím go bhfuil rialacha an chomórtais léite agam agus go bhfuilim sásta glacadh leo thar ceann na scoile: Síniú an Mhúinteora: ______________________

Leis seo tá seic ar € £ (Uasmhéid de €50 le híoc ag aon scoil) Dáta:

**Seol chuig:** ***Scléip*** **Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2 (roimh Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair, 2014)**